Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Foirm Iontrála

(Ba chóir an fhoirm seo a fhótachóipeáil do gach iontráil)

Líon isteach an fhoirm thíos agus seol í in éineacht le gach iarratas chuig**Gradaim ár nDomhan Cúnamh Éireann, Real Events, Cúirt na hArdeaglaise, Lána Fumbally, Baile Átha Cliath 8.Ní mór iarratais a sheoladh chuig an seoladh thuas faoi 2 Nollaig, 2011.**

BÍ CINNTE GO LÉANN TÚ NA TREOIRLÍNTE AR FAD AGUS NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SULA SEOLANN TÚ D'IONTRÁIL ISTEACH

AINM NA SCOILE _____

UIMHIR ROLLA NA SCOILE _____

SEOLADH _____

_____

_____

TEILEAFÓN RÍOMHPHOST _____ _____

PRÍOMHOIDE/CEANN NA SCOILE _____

MÚINTEOR IONADAÍOCHTA _____ _____

LUAIGH CINEÁL AN GHRÚPA ATÁ AG CUR AN TIONSCADAIL SEO I GCRÍCH:

Grúpa Beirte ☐ ☐ **(Más amhlaidh cé mhéad? ____)**

Rang Scoile ☐ ☐ **Uile**

AN MBAINEANN AN TIARRATAS SEO LE SCOIL DO LEANAÍ FAOI RIACHTANAIS SPEISIALTA? _____

CUIR NA RIACHTANAIS SPEISIALTA ATÁ I GCEIST IN IÚL DÚINN _____

TEIDEAL AN TIONSCADAIL

_____

INIS DÚINN I GCÚPLA ABAIRT AN INSPIORÁID A BHÍ TAOBH THIAR DEN TIONSCADAL

_____

_____

_____

INIS DÚINN I GCÚPLA ABAIRT CÉARD É TEACTAIREACHT DO THIONSCADAIL

_____

_____

SA CHÁS GUR SCAIP TÚ DO THEACHTAIREACHT TAOBH AMUIGH DEN SEOMRA RANGA CHOMH MAITH, CONAS A RINNE TÚ É SIN?

_____

_____

_____

SÍNIÚ AN MHÚINTEORA DÁTA _____ _____

Tá breis tacaíochta agus comhairle ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le lucht eagraithe an chomórtais ag:
Real Events, Teil 01 522 4834 Facs: 01 522 4809 Ríomhphost: ourworld@realevents.ie



Dialann Gníomhaíochtaí:

Agus tú ag fiosrú na saincheisteanna a bhaineann le forbairt dhomhanda, agus ag déan-amh dul chun cinn leis an tionscadal, tabhair breac-chuntas ar a bhfuil déanta agat anseo. Má ghlacann tú grianghraif, má dhéanann tú físeáin a thaifeadadh, nó má chruthaíonn tú ábhair, ba bhreá linn iad a fheiceáil i dteannta d'iarratais.

Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Treoirlínte Iontrála

Tóg am chun an t-eolas seo a leanas a léamh sula gcuirfidh tú tús leis an tionscadal seo

1. Is féidir le beirt, grúpa mór, rang nó an scoil ina hiomláine tabhairt faoin tionscadal
2. Ní mór do gach duine atá ag obair ar thionscadal a bheith mar dhalta cláraithe i mBunscoil nó i Scoil do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta, agus a bheith idir 8 agus 13 mbliana d'aois (7 go 18 mbliana d'aois i gcás Scoileanna do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta). Cuirimid fáilte roimh iarratais ó Scoileanna do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta, cuirfidh moltóirí san áireamh gur iarratais ó Scoileanna do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta iad seo.
3. Ní féidir ach obair daltaí a chur le gach iarratas, ach is féidir leis an múinteoir cúnamh/treoir a thabhairt do na daltaí. Ní mór do shíniú an mhúinteora/an phríomhoide a bheith ar gach iarratas chun a dheimhniú go tacaíonn an scoil le hobair an dhalta féin. 4. Féadfar tionscadail a chomhlánú i nGaeilge nó i mBéarla.
5. Is iad seo a leanas catagóirí an chomórtais:

- Catagóir A: Rang 3 agus 4 agus Bliain 5 agus 6 (Tuaisceart Éireann) nó a choibhéis i gcás Scoileanna do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta
- Catagóir B: Rang 5 agus 6 agus Bliain 7 (Tuaisceart Éireann) nó a choibhéis i gcás Scoileanna do Leanaí faoi Riachtanais Speisialta
- Catagóir C: An Scoil Uile

6. SEOL IARRATAIS CHUIG GRADAIM ÁR nDOMHAIN, CÚNAMH ÉIREANN, REAL EVENTS, CÚIRT NA hARDEAGLAISE, LÁNA FUMBALLY, BAILE ÁTHA CLIATH 8, FAOI 2 NOLLAIG 2011.
7. Ní mór d'fhoirm iarratais comhlánaithe a bheith i dteannta gach iarratais.
8. Ba chóir d'aon iarratas closamhairc a bheith trí nóiméad ar fad, ar a mhéad.
9. Ní féidir iarratais a sheoladh ar ais in aon chás ar bith.
10. Ba chóir iontrálacha tríthoiseach nó sobhriste a chur isteach mar ghrianghraif de bharr nach féidir linn glacadh leis na píosaí fisiciúla féin. Níor chóir d'obair dháthoiseach a bheith níos faide ná A2 nuair atá sé dlúite. Más gá, déanfar socruithe chun píosaí a bhailiú don taispeántas agus don searmanas bronnta gradam.
11. Is iad seo a leanas na gradaim:

- Gheobhaidh scoileanna a chuir isteach ar thionscadail agus a léirigh tuiscint mhaith ar an ábhar agus cruthaitheacht,plaic 'Gradaim ár nDomhain, Cúnamh hÉireann'.
- Tabharfar cuireadh do 5-10 dtionscadal (ó chatagóir A, B agus C) a léirigh tuiscint an-mhaith ar na sainceisteanna, chuig searmanas bronnta na ngradam i mBaile Átha Cliath.
- Bronnfar corn 'Ghradam ár nDomhain, Cúnamh Élireann' ar an dtionscadal a mheasfidh na moltóirí atá is fearr ag searmanas bronnta na ngradam.
- Bronnfar trófaí 'Ár nDomhan, Gradaim Chúnamh Élireann' ar an dtionscadal a ndéanfar moladh ar mar shárthionscadail, ag an searmanas bronnta gradaim.

Rialacha agus Rialacháin

1. Ní thiocfaidh na moltóirí ná an eagraíocht urraíochta i mbun comhfhreagrais maidir le cinntí na moltóirí agus beidh gach breith na moltóirí ina mbreith críochnaitheach i ngach catagóir iontrála an chomórtais.
2. Ní féidir le Real Events ná Cúnamh Éireann freagracht a ghlacadh as aon iarratas a chailfear, a ndéanfar damáiste dó nó a bheidh moill air. Níl cruthúnas postála ina chruthúnas go bhfuarthas an t-iarratas.
3. Ní féidir le fostaithe, conraitheoirí ná daoine a bhfuil baint dhíreach nó ghairmiúil le fostaithe de chuid Real Events nó Cúnamh Éireann cur isteach ar an gcomórtas seo.
4. Tá sé riachtanach gur obair bhunaidh an dálta atá i ngach iarratas agus nach raibh aon bhradaíl déanta i dtreo an obair a chur i gcrích i bpáirt nó ina hiomláine .
5. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarrthóirí atá ar an ngearrliosta cruthúnas aoise a sholáthar agus barántúlacht an iarratais a dheimhniú.
6. Glacann gach iontrálaí go mbeidh siad faoi cheangal ag rialacha an chomórtais; déanfar an iontráil neamhbhailí sa chás nach gcloífidh aon iontrálaí le haon cheann nó gach ceann de na rialacha.
7. Cuirfear na scoileanna a fhaigheann gradam nó plaic ar an eolas maidir leis sin i mí Eanáir 2012. Gheobhaidh na scoileanna sin na plaiceanna go gairid ina dhiaidh sin.
8. Ní mór do bhuaiteoirí na ngradam a gheobhaidh cuireadh chuig taispeántas agus searmanas na ngradam a bheith in éineacht le tuismitheoir, múinteoir, nó caomhnóir.
9. B'fhéidir go mbeadh ar bhuaiteoirí na ngradam páirt a ghlacadh i bpoiblíocht (grianghraif, agallaimh, athfhriotail, srl.)
10. Forchoimeádann na tionscnóirí de cheart acu féin, sonraíochtaí an ghradaim a athrú, faoi réir ag infhaighteacht ag deireadh an chomórtais seo. Ní cheadófar aon airgead tirim nó a mhalairt go hiomlán nó go páirteach, ar an duais a thairiscint.
11. Trí iarratas a dhéanamh ar na gradaim seo, coinníonn an t-údar cóipcheart an bhunábhair.
12. I gcás iontrála ranga/scoile, beidh líon teoranta de na rannpháirtithe in ann freastal ar an searmanas bronnta. Cuirfear gach scoil ar an eolas maidir leis an líon, más rud é go mbainfidh siad an chéim sin amach.
13. Is é seo a leanas tionscnóir an chomórtais seo agus ba chóir gach comhfhreagras a sheoladh chuige ag: Gradaim ár nDomhain, Cúnamh Éireann, sheoladh: Gradaim ár nDomhan, Cúnamh Éireann, Real Events, Cúirt na hArdeaglaise, Lána Fumbally, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 01 522 4834 Facs: 01 522 4809

Tá breis eolais le fáil ar: www.irishaid.gov.ie/ourworld